



AN ÓIGE

Is réimse beartais náisiúnta í an óige. Tá comhchuíbhiú reachtaíocht na mBallstát a eisiata. Mar sin de, is ról tacaíochta atá ag an Aontas. Dá réir sin, i ngné na hóige de chlár Erasmus+ spreagtar malartuithe idir daoine óga laistigh de AE agus le tríú tíortha. Le blianta beaga anuas, neartaigh an tAontas Eorpach a chuid beartas i leith daoine óga, mar is léir as tionscnamh an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh agus as an tionscadal, DiscoverEU.

BUNÚS DLÍ

Is iad Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá le gníomhaíocht AE i réimse na hóige. Tá gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme Airteagail 165 agus 166 faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Maidir le beartas óige, tá aon chomhchuíbhiú reachtaíocht na mBallstát eisiata go sainráite. Féadfaidh an Chomhairle moltaí a ghlacadh ar bhonn tograí ón gCoimisiún.

Sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil an stádas dlí céanna aici agus atá ag na conarthaí (Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)), tá airteagal maidir le cearta leanaí (Airteagal 24) agus airteagal lena gcuirtear toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus lena ndéantar foráil maidir le cosaint daoine óga san ionad oibre (Airteagal 32).

CUSPÓIRÍ

Déantar foráil in Airteagal 165 CFAE maidir le gníomhaíocht an Aontais chun malartuithe idir daoine óga agus malartuithe idir teagascóirí sochoideachasúla, i.e. oibríthe don óige, a spreagadh agus – tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin – chun rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach san Eoraip a spreagadh. Le hAirteagal 166 is féidir le AE beartas gairmoiliúna a chur chun feidhme chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus chun an ghníomhaíocht sin a fhorlíonadh. Cuirtear de chúram ar an Aontas an rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus soghluaisteacht teagascóirí agus oiliúnaithe, go háirithe daoine óga, a spreagadh.

Sa bhreis ar na hairteagail sin, baineann leanaí agus daoine óga tairbhe as beartais AE i réimsí eile, amhail an t-oideachas, an oiliúint agus an tsláinte, nó maidir le cearta agus cosaint leanaí agus daoine óga.



A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Creat Straitéiseach

1. An straitéis Eoraip 2020

Tá [an straitéis Eoraip 2020](#), a seoladh in 2010, dírithe ar dhaoine óga agus ar réimse cuspóirí, lena n-áirítear luathfhágáil na scoile a laghdú, cur le líon na ndaoine idir 30-34 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach acu, agus forbairt a dhéanamh ar phacáiste cuimsitheach de thionscnaimh bheartais don oideachas agus don fhostaíocht. Mar chuid de sin tá '[Do chéad phost ó EURES](#)', scéim soghluaisteachta post chun socrúcháin fostaíochta a éascú ar fud na hEorpa.

2. Straitéis AE 2019-2027 i leith na hÓige teagmháil agus dáimh leis an óige, agus cumhacht a thabhairt di

An 26 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle [rún](#) maidir le Straitéis nua AE i leith na hÓige 2019-2027. Moltar sa téacs go dtabharfaí aire ar leith do na réimsí gníomhaíochta seo a leanas:

- Rannpháirtíocht daoine óga sa saol sibhialta agus daonlathach a chothú;
- Daoine óga a nascadh ar fud an Aontais Eorpaigh is i gcéin chun an rannpháirtíocht dheonach, an tsoghluaisteacht foghlama, an dlúthpháirtíocht agus an tuiscint idirchultúrtha a chothú;
- Tacú le cumhachtú na hóige trí cháilíocht, nuálaíocht agus aitheantas na hoibre don óige.

B. Cláir ábhartha caiteachais AE

1. Erasmus+ 2014-2020

Tá caibidil shonrach maidir leis an óige in [Erasmus+](#), a bhfuil EUR 2.1 billiún curtha i leataobh lena haghaidh. Is iad na cuspóirí sonracha atá léi: (1) feabhas a chur ar leibhéal inniúlachtaí agus scileanna lárnacha na ndaoine óga agus, rannpháirtíocht sa saol daonlathach san Eoraip agus sa mhargadh saothair, an tsaoránacht ghníomhach, an t-idirphlé idirchultúrtha, an cuimsiú sóisialta agus an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn; (2) feabhsuithe cáilíochta san obair don óige a chothú; (3) athchóirithe beartais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chomhlánú agus tacú le forbairt beartais óige atá bunaithe ar eolas agus ar fhianaise; agus (4) feabhas a chur ar an ngné idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí don óige agus ar ról na n-oibrithe agus na n-eagraíochtaí don óige mar struchtúir thacaíochta do dhaoine óga.

2. Erasmus 2021-2027

Sa togra do chlár nua Erasmus don tréimhse 2021-2027 ([COM\(2018\)0367](#)), moladh go ndéanfaí an buiséad a dhúbailt agus thart ar 10 % de a chur i leataobh do ghníomhaíochtaí óige. Is é ceann d'aidhmeanna an togra é féiniúlacht Eorpach a chur chun cinn trí thaithí ar an taisteal le [DiscoverEU](#), lena dtugtar deiseanna do dhaoine óga eolas a chur ar oidhreacht agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa. Bíonn daltaí scoile agus mic léinn ardoideachais, mar aon le hoiliúnaithe agus oibrithe don óige, in



ann leas a bhaint as DiscoverEU. Go dtí seo, bhronn an Coimisiún 50 000 pas taistil trí thrí bhabhta iarratais, ar chuir 275 000 duine óg isteach orthu.

C. Tionscnaimh eile de chuid AE

1. An Ráthaíocht don Aos Óg

I mí Aibreáin 2013, ghlac an Chomhairle moladh maidir le [Ráthaíocht don Aos Óg](#) a bhunú (IO C 120, 26.4.2013, lch. 1). Is gealltanas ceannródaíoch é sin chun a áirithiú go bhfaighidh daoine óga tairscint mhaith fostaíochta, oideachas breise nó oiliúint laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bpost a chailleadh nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil. Cé go bhfuil an beartas sin fós le cur chun feidhme agus le maoiniú ag na Ballstáit, tá cómhaoiniú AE ar fáil cheana féin do réigiúin ina bhfuil ráta dífhostaíochta os cionn 25 % i measc na hóige, trí líne bhuiséid thiomnaithe, tríd an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa^[1].

2. an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

Is tionscnamh é [an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach](#) (ESC) a sheol an Coimisiún i mí na Nollag 2016. Tugann sé an deis do dhaoine óga atá idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois obair dheonach a dhéanamh nó a bheith ag obair ar thionscadail ina dtír féin nó thar lear. Chláraigh 72 000 duine óg san iomlán go dtí seo, agus tá 7 000 acu sin rannpháirteach go díreach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta. I mí Lúnasa 2018, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara roinnt smaointe a chur chun cinn ar thionscadail nua faoin scéim. Cuireadh EUR 44 mhiliún san iomlán i leataobh ó bhuiséad AE do thionscadail roghnaithe, a bheidh ar slí fála ag gach duine óg ar fud na hEorpa is i gcéin.

An 11 Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a thogra maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i ndiaidh 2020, lena leithdháileadh EUR 1.26 billiún chun gur féidir le tuairim is 350 000 duine óg a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ([COM\(2018\)0440](#)).

3. Beartais cosanta leanaí

De réir mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), is ionann leanbh agus aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Le Conradh Liospóin tugadh isteach an cuspóir go ndéanfadh AE cearta leanaí a chur chun cinn, ag an am céanna, ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha go gcosnóidh institiúidí AE, mar aon leis na Ballstáit, cearta leanaí.

An 15 Feabhra 2011, ghlac an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Clár Oibre AE maidir le Cearta an Linbh' ([COM\(2011\)0060](#)). Is é an aidhm atá léi athdhearbhú a dhéanamh leis an tiomantas láidir atá ag gach institiúid de chuid AE, agus ag na Ballstáit go léir, cearta an linbh a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh i ngach beartas ábhartha de chuid AE, agus torthaí nithiúla a bhaint amach dá bharr. Déantar cearta an linbh agus an cosc ar fhoréigean in aghaidh leanaí, daoine óga, na mban agus grúpaí eile atá i mbaol a chosaint agus a chur chun cinn freisin faoin [gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht \(2014-2020\)](#).

In 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle treoir maidir le coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla

[1]Chun tuilleadh eolais a fháil féach Bileog Eolais [2.3.2](#) maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, roinn B.2.



(IO L 132, 21.5.2016, lch. 1.), chun a áirithiú go mbeadh leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla in ann na himeachtaí sin a thuiscint agus a leanúint agus go mbeadh siad in ann a gceart chun triail chóir a fheidhmiú, agus chun a sheachaint go ndéanfadh leanaí cion athuair ach go ndéanfaí a lánpháirtíú sóisialta a chothú.

4. An óige agus na meáin

Cuireann teicneolaíochtaí ar líne deiseanna uathúla ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga trí rochtain a thabhairt dóibh ar eolas agus trí ligean dóibh tairbhe a bhaint as an bhfoghlaim dhigiteach agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí. Mar sin féin, is féidir gur leanaí is mó a chuireann teicneolaíocht an lae inniu i mbaol. Ar an gcúis sin, cuireann Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1) toirmeasc ar aon inneachar a bheith san áireamh i seirbhísí líneacha teilifíse a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do mhionaoisigh. Ní mór aon inneachar is dócha dochar a dhéanamh do mhionaoisigh a chraoladh ag am nach mbeidh siad ag breathnú, nó bac a chur air trí mhodhanna teicneolaíochta sa chaoi nach mbeidh siad in ann rochtain a fháil air. I gcás seirbhísí meán closamhairc neamhlíneacha ar éileamh, ní fhéadtar inneachar den sórt sin a chur ar fáil ach ar bhealach nach iondúil a dtiocfadh mionaoisigh i dteagmháil leis. D'fhoilsigh an Coimisiún an 25 Bealtaine 2016, togra nua reachtach lena leasaítear Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc. Áirítear i measc phríomhghnéithe an téacs a comhaontaíodh: mionaoisigh a chosaint ar inneachar a d'fhéadfadh 'máchail' a fhágáil orthu, fuathchaint a chomhrac agus mionaoisigh a chosaint ar inneachar díobhálach.

5. Tairseach Eorpach na hÓige

Is láithreán gréasáin í [Tairseach Eorpach na hÓige](#) atá dírithe ar dhaoine óga ar fud na hEorpa chun cabhrú leo plé leis an iliomad deiseanna a chuireann AE ar fáil i réimsí éagsúla spéise, amhail an tsaorálaíocht, an obair, an fhoghlaim, an cultúr agus an chruthaitheacht, agus go leor eile.

6. Seachtain Eorpach na hÓige

Gach dhá bhliain, eagraíonn an Coimisiún Eorpach, in éineacht leis an bParlaimint, [Seachtain Eorpach na hÓige](#). Is é an cuspóir atá léi ná gníomhaíochtaí óige a cheiliúradh ar fud na dtíortha go léir a ghlacann páirt i gClár Erasmus agus na deiseanna éagsúla soghluaisteachta de chuid AE atá ar fáil do dhaoine óga a chur i láthair.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Thacaíodh an Pharlaimint i gcónaí le dlúthchomhar idir na Ballstáit i réimse na hóige. Ghlac sí páirt ghníomhach i gceapadh beartais óige, mar shampla ina rúin maidir le measúnú ar Straitéis AE i leith na hÓige 2013-2015 (IO C 215, 19.6.2018, lch. 212), maidir le Ráthaíocht don Aos Óg (OJ C 440, 30.12.2015, lch. 67), maidir le fiontraíocht óige a chur chun cinn tríd an oideachas agus an oiliúint (IO C 316, 22.9.2017, lch. 76), maidir le fostaíocht don aos óg (IO C 224, 21.6.2016, lch. 19) agus maidir le beartais scileanna chun dífhostaíocht i measc na n-óg a chomhrac (IO C 11, 12.1.2018, lch. 44).



An 12 Márta 2019, ghlac an Pharlaimint rún maidir le togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach i ndiaidh 2020^[2]. Vótáil Feisirí Eorpacha i bhfabhar an clár a chur chun inrochtaineachta do dhaoine óga ar bheagán deiseanna, mar shampla daoine faoi mhíchumas agus daoine arb as pobail iargúlta nó imeallaithe iad, agus do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama nó sláinte ag cur orthu. Vótáil siad freisin le hidirdhealú soiléir a dhéanamh idir gníomhaíochtaí saorálaíochta agus socrúcháin fostaíochta, lena áirithiú nach gcuirfear daoine óga ag obair in eagraíochtaí rannpháirteacha mar shaorálaithe gan íocaíocht nuair a d'fhéadfadh poist mhaithe a bheith ar fáil. Cuirfear teorainn de 12 mhí ar thréimhse na saorálaíochta agus mairfidh cúrsaí oiliúna idir dhá agus sé mhí. Rinne an Pharlaimint íosthréimhse trí mhí a fhorchur ar chonarthaí poist. Ar deireadh, leathnaigh an Pharlaimint raon feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach don tréimhse 2021-2027, trí chabhair dhaonnúil a sholáthar i dtíortha taobh amuigh den Aontas Eorpach a chur le gníomhaíochtaí an Chóir.

Sa rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2017 (IO C 337, 20.9.2018, Ich. 131), mhol an Pharlaimint gur cheart go gcuirfí béim ar ghníomhartha atá dírithe ar dheiseanna fostaíochta atá níos fearr a chur ar fáil do dhaoine óga sa chéad chlár eile de Erasmus + a thiocthadh ina dhiaidh. Mhol sí go ndéanfaí tosaíochtaí chlár Erasmus, Straitéis AE i leith na hÓige agus clár eile arna maoiniú ag AE a ailíniú. Ar an gcuma chéanna, is í an Pharlaimint a mhol an buiséad a mhéadú faoi thrí go EUR 41 bhilliún do chlár Erasmus + 2021-2027, agus 10.3 % de sin a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí don óige^[3].

Déanann an Pharlaimint leas an linbh a choimirciú freisin ar bhonn achainíochta a chuirtear faoina bráid (IO C 66, 21.2.2018, Ich. 2), agus tá rún glactha aici maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus aird ar leith á díriú ar an mbochtaineacht i measc leanaí (IO C 366, 27.10.2017, Ich. 19). Tá aird dírithe ag an bParlaimint ar chearta leanaí taobh amuigh de theorainneacha AE freisin, trí rún a chur chun cinn maidir le cás leanaí ar fud an domhain, amhail rún maidir le hoideachas do leanaí i gcásanna éigeandála agus géarchéimeanna a mhaireann tamall fada (IO C 366, 27.10.2017, Ich. 151) nó maidir le míchothú i measc leanaí i dtíortha atá i mbéal forbartha (IO C 289, 9.8.2016, Ich. 71). In 2015, ghlac sí rún maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar an idirlíon a chomhrac (IO C 316, 30.8.2016, Ich. 109)^[4]. Le linn an tseisiúin iomlánaigh i mí Dheireadh Fómhair 2018, ghlac sí an togra reachtach ón gCoimisiún le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (IO C 11, 13.1.2020, Ich. 64). Faoi na forálacha nua ní mór do chraoltóirí laghdú a dhéanamh ar an méid fógraíochta faoi bhia nó deochanna míshláintiúla a fheiceann leanaí; cuirfear toirmeasc ar inneachar ina spreagtar foréigean, fuath nó sceimhlitheoireacht; agus beidh foréigean gan chúis agus an phornagrafaíocht faoi réir rialacha an-dian.

Chun daoine óga a spreagadh le tabhairt faoi thionscadail Eorpacha dá gcuid féin, sheol an Pharlaimint in 2018, i gcomhar leis an bhFondúireacht um Dhuais Idirnáisiúnta Charlemagne Aachen, [Duais Eorpach Charlemagne don Óige](#), a bhronntar gach bliain

[2]Téacsanna arna nglacadh, P8_T8(2019)0150.

[3]Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0324.

[4]Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Bileog Eolais [3.6.2](#) i dtaca leis an mBeartas maidir leis an gclosamharc agus na meáin.



ar thionscadail lena ndéantar an chomhthuisceint Eorpach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Pierre Hériard
01/2020

